



## **Cuntas Leithreasa 2013**

---

### **Vóta 26**

### **Oideachas agus Scileanna**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, ar sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- (a) arna ndeónú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- (b) arna gcur ar fáil ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitil sa bhliain 2013 as leithreasaí neamhchaite na bliana 2012, faoi na socrúithe i dtaca le tabhairt suas iarchurtha a cuireadh ar bun faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear farasbarr €86.37 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den Chuntas an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Leagan amach nua a chur ar an Vóta

Tugtar cuntas sa chaiteachas ar sheirbhísí oideachais faoi Vóta 26 i gceithre phríomhearnáil na bhfo-mhírcheann a fhreagraíonn do na spriocanna ardleibhéil i Ráiteas Straitéise na Roinne agus clúdaítear an caiteachas reatha agus an caiteachas caipitil araon. Thairis sin, sonraítear na costais riaracháin faoi earnálacha ar leith chomh maith le hiad a chionroinnt ar cheithre earnáil an chaiteachais, i gcomhréir leis an gcur chuige um buiséadú feidhmíochta a tugadh isteach i gcomhair na ranna Rialtais go léir. Is mar seo a leanas atá na ceithre chlár:

- Clár A – a fhónann d'Oideachas an Chéad Leibhéil, d'Oideachas an Dara Leibhéal agus don Oideachas sna Luathbhlianta
- Clár B – a fhónann don Fhorbairt Scileanna
- Clár C – a fhónann don Ardoideachas
- Clár D – a fhónann do Sheirbhísí Caipitil.

Rinneadh anailís athuair ar mhéideanna comparáideacha nuair ab iomchuí é sin.

Déantar leithreasaí-i-gcabhair a thugtar chun cuntais i raon na bhfo-mhírcheann E.1 go E.5 a fhritháireamh in aghaidh ollchaiteachas na Roinne.

## Bunú Bord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS

I gcomhthéacs an chláir oibre um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, bhí foráil san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ar tugadh feidhm di ar an 1 Iúil 2013, go gcuirí ar ceal na 33 Choiste Gairmoideachais (CGO) agus go mbunófaí 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nua trí chuid áirithe de na Coistí Gairmoideachais a chumasc le chéile.

D'ullmhaigh leagan amach na BOOanna nua an bóthar do bhunú na Seirbhíse Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS). Cuireadh FÁS ar ceal nuair a bunaíodh SOLAS ar 27 Deireadh Fómhair 2013. Tá na feidhmeanna traenála a bhíodh á reáchtáil ag FÁS á n-aistriú de réir a chéile chuig na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna in 2014.

Déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais bhliantúla na Bhord Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS a iniúchadh.

### **Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

#### ***Ceangaltais Chaipitil Iibhlíantúla***

Tuairiscítear ar cheangaltais chaipitil atá infheidhmithe le dlí ag an tairseach €12.7 milliún. (S14/03/06)

#### ***Luach Saothair***

Tá maolú faighte ag an Roinn ó thuairisciú ar shocruithe áirithe um luach saothair (Nóta 5 ar na cuntais) i dtaobh phárollaí na múinteoirí agus na gcúntóirí riachtanas speisialta chomh maith le maolú ó thuairisciú ar líon na bhfostaithe i gcomhlachtaí laistigh d'earnáil an oideachais.

### **Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

#### ***Freagracht as Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as féachaint chuige go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus i bhfianaise na ndualgas eile a leagtar orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus tá an córas agus a éifeachtacht á gcoinneáil faoi athbhreithniú leantach.

#### ***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta maille le cuntasacht dá réir;
- tá socrúithe i dtaca le tuairisciú curtha ar bun ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta;
- tá nósanna foirmiúla imeachta curtha ar bun chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú;
- is ann do Choiste Iniúcháireachta chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh;

#### ***Iniúcháireacht Inmheánach, Iniúcháireacht Chiste Sóisialta na hEorpa agus Coiste Iniúcháireachta***

Ullmhaítear clár bhliantúla iniúcháireachta faoi choimirce Choiste Iniúcháireachta na Roinne agus tuairiscíonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúcháireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúcháireachta. Críochnaíodh seacht gcinn de thuarascálacha iniúcháireachta go hiomlán, sé cinn de thuarascálacha Chiste Sóisialta na hEorpa agus tuarascáil iniúcháireachta inmheánaí amháin, i rith na bliana 2013.

Déanann an dá aonad rianú ráithiúil ar an dul chun cinn a dhéantar ó thaobh na moltaí a eascraíonn ó na tuarascálacha iniúchóireachta a chur i ngníomh.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi chairteacha scríofa ar leith.

### ***Rialuithe Riaracháin agus Tuirisciú Bainistíochta***

Deimhnímh go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- gurb ann do chóras cuí buiséadaithe maille le buiséad bliantúil a bhíonn á choinneáil faoi athbhreithniú ag bainisteoirí sinsearach;
- go ndéanann bainisteoirí sinsearach athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha;
- go n-oibríonn córas um bainistíocht phriacail laistigh den Roinn;
- gurb ann do chórais arb éard is aidhm leo ná slándáil na gCóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú.
- gurb ann do threoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus do smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

### ***Soláthar Poiblí***

Féachann an Roinn le féachaint chuige gurb ann do bhéim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus gurb ann do nósanna imeachta ó thaobh na treoirlínte ábhartha go léir a chomhlíonadh. Comhlíonann an Roinn na treoirlínte ábhartha go léir maidir leis an soláthar cé is moite de na cinn seo a leanas;

- Bhí 33 sheirbhís agus ceannachán á soláthar in 2013 nach ndeachthas i mbun próisis chuí soláthair ina leith agus b'fhiú €334,448 luach iomlán na gconarthaí a bhain leo.
- bhí trí chonradh i bhfeidhm, a raibh luachanna idir €41,000 agus €100,000 in aghaidh na bliana acu, inar leanadh ar aghaidh ag soláthar seirbhíse i ndiaidh dháta an chonartha bunaidh gan aon tairiscint iomaíoch eile a éileamh.
- dhá chonradh sa raon luacha €25,000 go €50,000 in aghaidh na bliana, conradh amháin sa raon luacha €50,000 go €100,000 in aghaidh na bliana, trí chonradh sa raon luacha €100,000 go €200,000 in aghaidh na bliana, conradh amháin le tacaíocht dhá bhliain sa raon luacha €100,000 go €200,000, dhá chonradh sa raon luacha €400,000 go €700,000 in aghaidh na bliana agus conradh amháin sa raon luacha €3.5 milliún go €4 milliún (costas shíneadh an chonartha), ar tugadh fúthu gan phróiseas iomaíoch agus ar cuireadh sonraí díobh ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán ciorclán 40/2002.

San áit ar cuí sin, tá deireadh curtha ag an Roinn le conarthaí áirithe nó tá feidhmeanna nó táirgí nó seirbhísí áirithe tugtha suas ag an Roinn. Lena chois sin, tá bearta á ndéanamh go réamhghníomhach ag an Roinn chun tairiscintí a chur ar bun i rith na bliana 2014.

### **Seán Ó Foghlú**

Oifigeach Cuntasaíochta  
An Roinn Oideachais agus Scileanna

24 Meán Fómhair 2014

## **Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

### **Vóta 26 Oideachas agus Scileanna**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáiochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

#### ***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

#### ***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

#### ***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuímeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2013.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2014

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

### Cuntas Leithreasa 2013

		2013		2012
		Suim soláthraithe sa mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
A	Oideachas an Chéad Leibhéal, an Dara Leibhéal agus sna Luathbhlianta	6,131,453	5,998,821	6,143,761
B	Forbairt Scileanna	371,344	362,116	392,477
C	Ardoideachas	1,511,834	1,542,677	1,578,410
D	Seirbhísí Caipitil			
	<i>Bliana reatha</i>	492,702		
	<i>Tabhairt suas iarchurtha</i>	19,000	511,702	519,902
<b>Ollchaiteachas</b>				
	<i>Bliana reatha</i>	8,507,333		
	<i>Tabhairt suas iarchurtha</i>	19,000	<b>8,526,333</b>	<b>8,423,516</b>
<b>Bain de</b>				
E	Leithreasáí-i-gcabhair		<b>580,427</b>	<b>563,985</b>
<b>Glanchaiteachas</b>				
	<i>Bliana reatha</i>	<b>7,926,906</b>		
	<i>Tabhairt suas iarchurtha</i>	<b>19,000</b>		
			<b>7,945,906</b>	<b>7,859,531</b>
				<b>8,023,054</b>

#### Farasbarr le tabhairt suas

Dlítear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh a thabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach pioc nó cuid d'aon leithreasáí nár caitheadh ar sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

	2013	2012
	€	€
Farasbarr	86,375,415	39,656,013
Tabhairt suas iarchurtha	—	19,000,000
Farasbarr le tabhairt suas	<u>86,375,415</u>	<u>20,656,013</u>

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2013		2012
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	58,352	57,043	58,607
ii	Taisteal agus cothú	1,520	1,507	1,493
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,095	917	1,024
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,820	1,734	2,078
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise	5,444	5,632	4,796
vi	Costais áitreabh oifige	1,939	1,578	2,237
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	101	62	55
viii	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	18,368	17,437	17,261
ix	Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh (AE)	752	531	55
		<b>89,391</b>	<b>86,441</b>	<b>87,606</b>

## Nótaí ar an gCuntas Leithreasa

### 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

	2013	2012
	€000	€000
Caiteachas ar riarachán	86,441	87,606
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir	8,337,075	8,515,961
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>8,423,516</b>	<b>8,603,567</b>
<i>Bain de</i>		
<b>Leithreasáí-i-gcabhair</b>	<b>563,985</b>	<b>580,513</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>7,859,531</b>	<b>8,023,054</b>
<b>Athruithe maidir le sócmhainní caipitil</b>		
Ceannacháin in airgead tirim	(11,152)	
Dímheas	772	
Caillteanas ar dhiúscairtí	113,696	(6,971)
<b>Athruithe maidir le sócmhainní á bhforbairt</b>		
Íocaíochtaí in airgead tirim	(46,346)	(37,398)
<b>Athruithe maidir le glansócmhainní reatha</b>		
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(22,715)	
Laghdú ar stoc	8	
	(22,707)	2,761
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>7,893,794</b>	<b>7,981,446</b>
<b>Caiteachas a tabhaíodh in áit eile</b>		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	24,165	23,652
Measchíosanna	2,505	2,566
<b>Glanhostas na gclár</b>	<b>7,920,464</b>	<b>8,007,664</b>

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile.

		<b>2013</b>	<b>2012</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>
Vóta 7 Airgeadas	m	396	417
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	m	278	—
Vóta 12 Aoisliúntas	m	17,922	17,861
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	m	5,231	5,048
An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí	m	338	326
		<b>24,165</b>	<b>23,652</b>

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Sócmhainní caipitil</b>	2.2	100,662	125,486
<b>Sócmhainní caipitil á bhforbairt</b>	2.3	<u>25,237</u>	<u>56,738</u>
		<b>125,899</b>	<b>182,224</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim	2.4	5,533	77,768
Stoic	2.5	109	117
Réamhíocaíochtaí		1,584	4,569
Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhálacha		6,326	3,966
Aisghabháil chostais na foirne ar iasacht		297	172
Ioncam fabhráithe		21,372	221
Cistí an AE ar fionraí	2.8	29	—
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	80,978	3,542
<b>Iomlán na sócmhainní reatha</b>		<u>116,228</u>	<u>90,355</u>
<b>Lúide dliteanais reatha</b>			
Costais fhabhráithe		10,237	12,288
Ioncam iarchurtha		28	7
Aisghabháil tuarastail do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile		—	2
Cistí an AE ar fionraí	2.8	4,885	52,401
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	3,873	1,341
Glandliteanas don Stáchtiste	2.8	77,782	27,567
<b>Iomlán na ndliteanas reatha</b>		<u>96,805</u>	<u>93,606</u>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<u>19,423</u>	<u>(3,251)</u>
<b>Glansócmhainní</b>		<u>145,322</u>	<u>178,973</u>
<b>Arna léiriú le:</b>			
<b>Cuntas maoinithe an Stáit</b>	2.1	<u>145,322</u>	<u>178,973</u>

  

2.1 Cuntas Maoinithe an Stáit	Nóta	2013 €000	2012 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		178,973	138,298
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Suim soláthraithe sa mheastachán	Cuntas	7,926,906	
Tabhairt Suas Iarchurtha	Cuntas	19,000	
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(86,375)	
Glanvóta		7,859,531	8,023,054
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1	24,165	23,652
Caiteachas neamhairgid – measchíosanna	1	2,505	2,566
Míreanna neamhairgid eile		612	(933)
Glanchostas na gclár	1	(7,920,464)	(8,007,664)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<u>145,322</u>	<u>178,973</u>

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

	Talamh agus foirgnimh €000	Troscán agus feistis €000	Trealamh Oifige €000	Iomlán €000
<b>Ollsócmhainní</b>				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013	123,959	7,638	18,108	149,705
Breiseanna	88,072	144	1,429	89,645
Díúscairtí <sup>1,2</sup>	(113,669)	(284)	(1,495)	(115,448)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013	98,362	7,498	18,042	123,902
<b>Dímheas carntha</b>				
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013	—	7,234	16,986	24,220
Dímheas i leith na bliana	—	145	627	772
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(275)	(1,477)	(1,752)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013	—	7,104	16,136	23,240
<b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013</b>	<b>98,362</b>	<b>394</b>	<b>1,906</b>	<b>100,662</b>
<b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012</b>	<b>123,959</b>	<b>405</b>	<b>1,122</b>	<b>125,486</b>

<sup>1</sup> Maidir leis na sócmhainní seasta talún agus foirgneamh arbh fhiú €113.67 milliún iad glacann an Roinn le haistriú rialú sócmhainne, seachas úinéireacht na sócmhainne, chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasáiochta sna cuntais leithreasa bhliantúla.

<sup>2</sup> I ndeireadh na bliana 2013, baineadh de chlár sócmhainní na Roinne sócmhainní seasta um threalamh oifige dar luach €41,000 a cheannaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i rith na mblianta 2010 agus 2011. Táthar i mbun na sócmhainní a aistriú chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar mhaithe le Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn.

**Nóta Ginearálta****1. An Chéad Leibhéal**

- 1.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 39 láithreán an chéad leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.
- 1.2 (i) Tá 67 nGaelscoil agus 28 scoil ilchreidmheach ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta. Tá dhá phobalscoil náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.
- 1.2.(ii) Tá trí láithreán agus aon fhoirgneamh de scoileanna ilchreidmheacha, agus aon láithreán amháin agus aon fhoirgneamh amháin de Scoil Chaitliceach i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi léas fadtréimhseach ach tá siad á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.
- 1.2.(iii) Tá 9 modhscoil, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.
- 1.3 Ba é móriomlán na scoileanna náisiúnta a bhí ag feidhmiú ar 31 Nollaig 2013 ná 3,286. Cé is moite de 1.2(i) go 1.2(iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

- 1.4 Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, tá scoil choinneála leanaí amháin dílsithe fós don Aire Oideachais agus Scileanna. Tá próiseas aistrithe na scoile seo chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi shiúl. Tá an scoil á bainistiú ag bord bainistíochta.
- 1.5 Tá an tAire ar dhuine den bheirt ráthóir ar Lárionad Uathachais Choilidh Chanannáin (Gabháltais) Teoranta, ar cuideachta atá teoranta ag ráthaíocht é agus ar úinéir agus sealbhóir maoinne i gContae Ard Mhacha é, maoin a úsáidtear do Lárionad Uathachais Choilidh Chanannáin.

## 2 An Dara Leibhéal

- 2.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 19 láithreán i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.
- 2.2(i) Tá 14 scoil chuimsitheacha, 80 phobalscoil agus ceithre mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.
- 2.2(ii) Dílsítear 256 ghairmscoil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.
- 2.2(iii) Tá 369 meánscoil faoi úinéireacht phríobháideach.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

	Conarthaí tógála	Feidhmchláir intí ríomhaireachta	Iomláin
	€000	€000	€000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2013	56,738	—	56,738
Coigeartú na bliana a d'imigh	—	518	518
	56,738	518	57,256
Íocaíochtaí in airgead tirim i leith na bliana	45,445	902	46,347
Aistrithe go clár na sócmhainní	(77,476)	(890)	(78,366)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2013	24,707	530	25,237

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir	5,707	81,166
Ginearálta agus airgead tirim		
Orduithe gan íoc	(174)	(3,398)
	5,533	77,768

**2.5 Stoic**

ag 31 Nollaig	2013	2012
	€000	€000
Páipéarachas	65	76
Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise	44	41
	<u>109</u>	<u>117</u>

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

ag 31 Nollaig	2013	2012
	€000	€000
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí	804	594
Fochuntasóirí	—	107
Aiscí pósta, scoir agus báis	143	—
Tuarastail in-fhorchúitithe	60	152
Clár Leathanbhanda na Scoileanna	2,160	2,160
Pasanna taistil	204	200
Dlite ón Stát – ar fionraí	56	63
Aisghabháil sheirbhísí comhroinnte na n-oifigí	264	183
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	49	48
Ilghnéitheach	10	35
Fionraí párolla	77,228	—
	<u>80,978</u>	<u>3,542</u>

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

ag 31 Nollaig	2013	2012
	€000	€000
Dlite don Stát	26	298
An Bord um Shásamh	3,292	56
Aisíoc pinsin	60	188
Fáltais bhreise le híoc leis an Stáitchiste	—	2
Aisce phósta, scoir agus bháis	—	52
Dearlaic Erasmus Smith	—	19
Clár tógála fuinnimh	441	454
Banc Ceannais	7	135
Ranníocaíochtaí pinsean céilí agus páistí	6	134
Rothaíocht chun oibre	3	1
Ilghnéitheach	38	2
	<u>3,873</u>	<u>1,341</u>

**2.8 Glandlíteanas don Stáchtiste**

ag 31 Nollaig

	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Farasbarr le tabhairt suas	86,375	39,656
Deontas ón Stáchtiste nár tarraingíodh	(8,593)	(12,089)
Glandlíteanas don Stáchtiste	<u>77,782</u>	<u>27,567</u>

**Arna léiriú le:****Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	5,533	77,768
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	80,922	3,478
Dlíte ón Stát – ar fionraí	56	63
Cistí an AE ar fionraí	29	—
	<u>86,540</u>	<u>81,309</u>

**Creidiúnaithe**

Dlíte don Stát	(26)	(298)
Cistí an AE ar fionraí	(4,885)	(52,401)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(3,847)	(1,043)
	<u>(8,758)</u>	<u>(53,742)</u>
	<u>77,782</u>	<u>27,567</u>

**2.9 Ceangaltais**

ag 31 Nollaig

	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>

**A. Ceangaltais Iltaobhacha**

Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le teacht maidir le:

Fo-mhírchinn soláthair	94	254
Fo-mhírchinn deontais	10,296	3,198

**B. Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

Caiteachas sa bhliain 2013	437,831	458,734
Ceangaltais atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht	1,652,631	1,753,313

Tionscadail chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán €12,697,380 nó níos mó

	<b>Caiteachas go 31 Nollaig 2012</b>	<b>Caiteachas i 2013</b>	<b>Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Fo-mhírcheann D.3.</b>				
1. Pobalscoil Mhullach Íde	13,860	—	6	13,866
2. Pobalcholáiste Bhaile Fiobail <sup>1</sup>	20,079	214	—	20,293
3. Pobalcholáiste Bhaile Lotrail <sup>2</sup>	4,324	8,728	286	13,338
<b>Fo-mhírcheann D.4.</b>				
4. Baile Átha Luain - Foirgneamh Faisnéisíochta Innealtóireachta <sup>2</sup>	38,352	1,467	—	39,819
5. Ollscoil na hÉireann, Corcaigh – Leigheas	22,546	29	106	22,681
6. Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath - Lárionad Eolaíochta	33,070	26,622	1,082	60,774
7. Ollscoil na hÉireann – Maigh Nuad – Leabharlann	18,043	1,948	—	19,991
8. Coláiste na Tríonóide, Báile Átha Cliath – Leigheas	20,620	604	—	21,224
9. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1a/ bonneagar	15,889	—	—	15,889
10. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1b/c bonneagar	24,152	—	—	24,152
11. Coláiste Phádraig, Droim Conrach - Forbairt an Champais	7,331	8,830	23,575	39,736
12. Ollscoil Luimnigh - Scoil an Leighis	12,981	890	—	13,871
13. Campas Ghráinseach Ghormáin – céim 1	—	12,400	15,500	27,900

<sup>1</sup> Is comhthionscadal bunoidreachais/iar-bhunoideachais é tionscadal Bhaile Fiobail. Is é costas iomlán an tionscadail ná €24.46 milliún dá maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna 82.97%. Maoiníonn Comhairle Chontae Fhine Gall an fuílleach.

<sup>2</sup> Tá costas an tionscadail seo tugtha bord ar bhord leis an eolas is déanaí ó bhí 2012 ann.

**C. Costais Chaipitil ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí<sup>1</sup>**

	Caiteachas go 31 Nollaig 2012	Caiteachas i 2013	Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht	Iomláin
	€000	€000	€000	€000
1. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann - CPP <sup>2</sup>	33,497	3,506	30,076	67,079
2. Dornán Cúig Threoirscoil <sup>2</sup>	34,361	2,961	59,905	97,227
3. Scoil Cheoil Chorcaí <sup>2</sup>	19,174	2,260	59,482	80,916
4. An Chéad Dornán Scoileanna CPP	12,312	1,869	70,539	84,720
5. An Dara Dornán Scoileanna CPP <sup>2</sup>	13,764	2,465	94,289	110,518
6. An Tríú Dornán Scoileanna CPP	—	—	130,205	130,205

<sup>1</sup> Táthar ag íoc as na tionscadail ó Fho-mhírcheann D.5.

<sup>2</sup> Leasaíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2012 ar na tionscadail sin a eascraíonn de thoradh an athbhreithnithe a d'iarr an Roinn ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (N DFA) a chur i gcrích. Bhí sé riachtanach caiteachas sna tionscadail a athrangú idir caiteachas caipitil agus caiteachas reatha nuair a cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích. Fuarthas amach de thoradh athbhreithniú na Gníomhaireachta gur measadh caiteachas caipitiúil ar Bheartán na Scoileanna Píolótacha €10.4 milliún faoina luach agus caiteachas caipitiúil ar an gColáiste Náisiúnta Muirí €14.018 faoina luach agus caiteachais chaipitiúil ar Scoil Cheoil Chorcaí €3.501 milliún faoina luach.

**Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí**

Tá sé chonradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).

Tá dhá thionscadal tríú leibhéal, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Corcaigh agus Scoil Cheoil Chorcaí i gceist chomh maith le ceithre thionscadal scoileanna, (cúig threoirscoil agus Dornáin Scoileanna 1,2 & 3). Mairfidh gach ceann de na sé chonradh cúig bliana is fiche. Leanfaidh na foirgnimh de bheith in úinéireacht an Stáit fad a bheidh feidhm ag an gconradh, agus tabharfar ceadúnas don Chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus chun iad a chothabháil ar feadh tréimhse cúig bliana is fiche.

**Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann**

Tugadh tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004 agus ba é Oideachas Fócais Éireann (Focus Education Ireland) an comhpháirtí ón earnáil príobháideach. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibríthe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

**CPP Cúig Threoirscoil**

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Tionscadail Jarvis i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**Scoil Cheoil Chorcaí**

Ba i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

**An Chéad Dornán Scoileanna CPP**

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun na ceithre iarbhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Dornán Scoileanna CPP**

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun cúig iarbhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

**An Tríú Dornán Scoileanna CPP**

Ba i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP BAM chun seacht gcinn d'iarbhunscoileanna agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú.

**2.10 Dlíteanais Aibithe**

Níorbh fhéidir próiseáil billí áirithe a bhí ar láimh ag deireadh na bliana a thabhairt chun críche de dheasca na sprioc-amanna inmheánacha próiseála íocaíochta a bhí riachtanach chun é a chur ar chumas na Roinne ríomhaistrithe airgid a chur i gcrích faoi sprioc-amanna na mbanc tráchtála. Ag éirí as na teorannuithe próiseála seo, bhí dlíteanais aibithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €54,824 ar 31 Nollaig 2013. Ba í an tsuim choibhéseach ar 31 Nollaig 2012 ná €15,865.

### 3 Caiteachas ar Chláir de réir an Fho-mhírchinn

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar virement sa bhliain 2013, amhail a rinneadh i mblianta eile. Lig an próiseas virement don Roinn fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile i Vóta 26. Tagraítear do Chodanna B.1.1.11 agus C.2 (6-13) de na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as virement i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais sa bhliain 2013 ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach.

Thairis sin, ó thaobh an chaipitil de agus i gcomhréir le comhaontú an chláir chaipitil, d'úsáid an Roinn €19 milliún d'airgead caipitil a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2013.

		2013		2012
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
<b>A</b>	<b>Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus sna Luathbhlianta</b>			
A.1	Riarachán – pá	59,485	54,995	55,808
A.2	Riarachán – neamhphá	11,563	10,150	10,436
A.3	Tuarastail srl. bunmhúinteoirí	2,089,587	2,075,701	2,035,436
A.4	Tuarastail srl. meánmhúinteoirí, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna	1,142,715	1,122,476	1,134,648
A.5	Deontais do Choistí Gairmoideachais agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (nuair a bunaíodh iad) maidir le tuarastail múinteoirí	565,775	575,466	662,336
A.6	Tuarastail srl. cúntóirí riachtanas speisialta múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna	369,704	361,947	333,496
A.7	Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh)	106,909	102,025	34,905
A.8	Aoisliúntas srl. maidir le foireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta	1,041,010	973,991	1,152,490
A.9	Seirbhísí iompair scoile	168,500	170,750	168,464
A.10	Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus Coistí Gairmoideachais, Boird Oideachais agus Oiliúna (nuair a bunaíodh iad) agus eagraíochtaí agus forais oideachais eile	392,239	387,300	404,486
A.11	Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais	66,772	66,874	65,496
A.12	Oideachas múinteoirí	25,000	23,340	23,721
A.13	Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanáí	65,444	53,441	40,072
A.14	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	26,750	20,365	21,967
		<b>6,131,453</b>	<b>5,998,821</b>	<b>6,143,761</b>

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €132.6 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár A ná mar a soláthraíodh. Tharla sé seo go mór mór mar gheall ar an méid seo a leanas:

<b>Cur síos</b>	<b>Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000</b>	<b>Míniú</b>
Aoisliúntas srl. maidir le foireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta	67,019	Tharla an coigilteas ar aoisliúntais go príomha toisc go ndeachaigh níos lú daoine ar scor in 2013 ná mar a réamh-measadh (1,266 réamh-mheasta i gcomparáid le líon iarbhír de 963 dhuine a chuaigh ar scor). Tharla coigilteas dá bharr sin, freisin, ar chostais phárolla aoisliúntais.
Oideachas Múinteoirí	1,660	D'eascair an coigilteas ar oideachas múinteoirí go príomha mar ba mhoille ná mar a réamh-mheasadh feidhmiú céimneach na dtionscnamh ilghnéitheach maidir leis an nGaeilge agus leis an Matamaitic agus leis an oiliúint i dtaobh an chláir um athchóiriú na araithe aóisearaí.
Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gcoimisiún um drochúsáid leanaí	12,003	San áireamh sa choigilteas foriomlán de €12 milliún a rinneadh bhí coigilteas €5.9 toisc gur chuir an Bord um Shásamh bailchríoch ar níos lú iarratas ná mar a bhíodhas ag súil leo; coigilteas €5.3 milliún toisc nár shocraigh an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú an oiread billí dlíthiúla tríú páirtí in 2013 agus a bhíodhas ag súil leis; coigilteas €500,000 toisc nár deonaíodh cead pleanála i leith cuimhneacháin d'íospartaigh mhí-úsáide tionsclaí agus coigilteas ilghnéitheach eile a d'eascair as costais níos ísle a bheith ar sheirbhísí gaolmhara agus ar chostais phá an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ná an caiteachas measta.
Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	6,385	Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo, ina bhfuil 15 fhorannán, agus ar fo-mhírcheann de chineál ilghnéitheach é. D'eascair timpeall is €4 milliún den choigilteas mar bhí na costais dlíthíochta ní ba lú ná mar a measadh in earnálacha an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an oideachais speisialta. D'eascair €1.7 milliún den choigilteas ó ghníomhartha a chur siar ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2014 agus ón gcaiteachas ar chláir teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide na scoileanna a bheith ní ba lú ná mar a tuaradh. Lena chois sin, d'eascair thart ar €300,000 den choigilteas mar ba mhoille ná mar a réamh-mheasadh feidhmiú céimneach na dtionscnamh speisialta, ina measc an caiteachas as Ciste na gCuntas Díomhaoin agus mar ba lú ná mar a tuaradh an caiteachas ar an bplean gníomhaíochta maidir le bulaíocht.

		2013		2012
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
<b>B</b>	<b>Forbairt Scileanna</b>			
B.1	Riarachán – pá	3,309	3,839	3,915
B.2	Riarachán – neamhphá	708	794	732
B.3	Deontais do FÁS/SOLAS (nuair a bunaíodh é) maidir le riarachán, costais ghinearálta agus deontais agus tacaí oiliúna	88,529	93,424	106,066
B.4	Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú	975	569	611
B.5	Deontais do Choistí Gairmoideachais, do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (nuair a bunaíodh iad) agus d'eagraíochtaí áirithe eile maidir le gníomhartha breisoideachais agus oiliúna	238,601	226,268	244,154
B.6	Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	7,416	6,416	7,714
B.7	Aoisliúntas srl.	31,796	30,796	29,270
B.8	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	10	10	15
		<u>371,344</u>	<u>362,116</u>	<u>392,477</u>

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €9.2 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár B ná mar a soláthraíodh. Tharla sé seo go mór mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Deontais do FÁS/SOLAS (nuair a bunaíodh é) maidir le riarachán, costais ghinearálta agus deontais agus tacaí oiliúna	(4,895)	Glanbharrachas a ba ea an farasbarr ar an bhfotheideal agus cuireadh san áireamh ann coigilteas de thart ar €1.2 milliún ar na cláir phrintíseachta FÁS in 2013. D'eascair an farasbarr go príomha mar gheall ar na costais thochlaithe de thart ar €5 mhiliún a thabhaigh FÁS toisc gur scoir siad lena léas fadtéarmach ar a gceanncheathrú i Sráid Bhagóid, agus as trealamh a cheannach chun oiliúint a chur ar fáil do theicneoirí tuirbíní gaoithe tráchtála in Ionad Oiliúna Thrá Lí.
Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú	406	D'eascair an coigilteas go príomha ó laghdú ar chaiteachas Chiste Sóisialta na hEorpa ar sholáthar na foirne agus ó chaiteachas beartaithe áirithe ar ghníomhartha trasnáisiúnta a chur siar de dheasca moille ó thaobh an fhorfheidhmithe de. Thairis sin, d'eascair coigilteas €107,000 toisc gur baineadh feidhm níos ísle ná mar a tuaradh as tacaí fiontraíochta le hoibríthe intofa faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú.

Cur síos	Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Deontais do Choistí Gairmoideachais, do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (nuair a bunaíodh iad) agus d'eagraíochtaí áirithe eile maidir le gníomhartha breisoideachais agus oiliúna	12,333	D'eascair coigilteas an Vóta ar chaiteachas faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais go príomha ón gcinneadh go ndéanfaí páirtmhaoiniú ar an Scéim sin i 2013 as an gCiste Náisiúnta Oiliúna (€7.5 milliún den choigilteas). D'eascair an chuid eile den choigilteas go príomha ó athruithe buiséadacha a laghdaigh na liúntais a bhí iníoctha le rannpháirtithe sa Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus san Ógtheagmháil, ó chostais phá a bheith níos ísle san Ógtheagmháil agus ó chostais iomarcaíochta i leith na foirne sna Lárionaid Oiliúna do Dhaoine Fásta den Lucht Siúil a bheith níos ísle ná mar a raibh súil leo.
Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	1,000	D'eascair coigilteas €1 milliún sa bhliain 2013 ó leibhéal na ngníomhartha a bheith níos ísle ná mar a bhí tuartha nuair a leagadh amach na Meastacháin i gcomhair na bliana 2013.

	2013		2012
	Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
<b>C Ardoideachas</b>			
C.1 Riarachán – pá	3,808	4,469	4,557
C.2 Riarachán – neamhphá	816	924	853
C.3 Deontas-i-gcabhair le haghaidh chostais ghinearálta an Údaráis um Ard-Oideachas	5,076	5,076	5,358
C.4 Deontais reatha ghinearálta d'ollscoileanna, d'institiúidí agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile (deontas-i-gcabhair)	1,011,987	1,011,987	1,118,804
C.5 Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas	8,077	7,836	10,997
C.6 Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair)	11,051	11,051	11,676
C.7 Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair)	6,442	6,442	6,856
C.8 Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (deontas-i-gcabhair)	3,118	3,118	3,427
C.9 Deontais d'institiúidí áirithe tríú leibhéal	12,000	11,384	16,658
C.10 Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarfhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta	52,992	70,274	—
C.11 Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara	351,252	366,241	354,570
C.12 Gníomhartha taighde	37,600	37,591	38,365
C.13 Gníomhartha an AE, idirnáisiúnta agus thuaidh/theas	5,349	4,082	4,229
C.14 Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	1,883	1,900	1,664
C.15 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	383	302	396
	<b>1,511,834</b>	<b>1,542,677</b>	<b>1,578,410</b>

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €30.84 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár C ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le gach theideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Cur síos	Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Deontais d'institiúidí áirithe tríú leibhéal	616	D'eascair an coigilteas toisc go raibh an tarraingt anuas ar mhaoiniú na dtáillí in aisce níl ísle ná mar a réamh-mheasadh i dtaca le forais ardoideachais áirithe arna maoiniú go díreach ag an Roinn.
Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarfhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta	(17,282)	Ar chúiseanna rialaithe Vóta socraíodh an coigilteas aoisliúntais a thagann chun cinn in áiteanna eile sa Vóta a fhritháireamh i gcoinne na n-easnamh foriomlán aoisliúntais i gcuntais rialaithe pinsin na gcúig Ollscoil is sine.
Gníomhartha an AE, idirnáisiúnta agus thuaidh/theas	1,267	D'eascair an coigilteas go mór mór toisc go raibh an tarraingt anuas ar mhaoiniú ó Chomhaontas SAM-Éireann níl ísle sa bhliain 2013. D'eascair coigilteas eile toisc go raibh líon na ngníomhartha idirnáisiúnta aonuaire níl ísle ná mar a réamh-mheasadh agus toisc go raibh an ráta malairte airgeadra fabhrach.

		2013		2012
		Suim soláthraithe sa mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
<b>D</b>	<b>Seirbhísí Caipitil</b>			
D.1	Riarachán – pá		7,990	9,339
D.2	Riarachán – neamhphá		1,712	1,931
D.3	Tógáil, trealmhú agus feistiú bunscoileanna agus iarbhunscoileanna			
	<i>Bliana reatha</i>	382,300		
	<i>Tabhairt suas iarchurtha</i>	10,000	392,300	387,396
D.4	Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile			
	<i>Bliana reatha</i>	48,500		
	<i>Tabhairt suas iarchurtha</i>	9,000	57,500	68,903
D.5	Costais na comhpháirtíochta príobháidí poiblí		52,200	52,333
			<u>511,702</u>	<u>519,902</u>
				<u>488,919</u>

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €8.2 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár D ná mar a soláthraíodh. Tharla sé seo go mór mór mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile	(11,403)	Tharla an róchaiteachas go príomha mar gheall ar oibreacha cumasúcháin agus oiriúnaitheacha maidir le tionscadal Ghráinseach Ghormáin d'fhonn mic léinn Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath atá scaipthe ar fud na cathrach a thabhairt le chéile ann. Tá €7.1 milliún den mhaoiniú bhreise inchurtha i leith cinneadh chun leithdháileadh caipitil a cheadú chuig Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun freastal ar chostais aon uaire maidir le forbairt do mhic léinn a cheannach.

## 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2013		2012
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1. Ranníocaíochtaí aoisliúntais	193,775	188,183	192,104
2. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ó Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE	20,666	1	1,963
3. Fáltais ó asbhaintí ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí	354,599	360,956	361,014
4. Daoine ar iasacht/ Ró-íocaíochtaí	7,000	5,537	7,004
5. Ilghnéitheach	4,387	9,308	18,428
	<u>580,427</u>	<u>563,985</u>	<u>580,513</u>

#### Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

Tuairisc	Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ó Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE	20,665	D'eascair an gannchion sna fáltais go príomha ó shaincheist uainithe ó thaobh na fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa a tharraingt anuas agus a íoc.
Daoine ar iasacht/ Ró-íocaíochtaí	1,463	D'eascair an gannchion sna fáltais go príomha ó rómheastachán nuair a rinneadh na meastacháin.
Ilghnéitheach	(4,921)	D'eascair €1.5 milliún den bharrachas ó fháltais chaipitil gan choinne a raibh socruithe comh-mhaoinithe déanta le húdaráis áirithe áitiúla i gcásanna inar tógadh áiseanna pobail mar chuid de scoileanna nua nó de thionscadail sínte scoileanna. D'eascair an chuid eile den fharasbarr go háirithe mar bhí leibhéal na n-aisíocaí ÁSPC ón Roinn Coimirce Sóisialaí náb airde ná mar a measadh roimh ré.

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Fáltais bhreise leis an Státchiste	1,621	1,824

I rith na bliana 2013, d'eascair €854,450 de na fáltais bhreise leis an Státchiste a tugadh suas don Roinn Airgeadais ó aisghabháil na n-iarmhéideanna barrachais, a bhí gan chaitheamh ó dheontais a íocadh i mbliain roimhe sin leis an Údarás um Ard-Oideachas, agus a bhain le maoiniú do mhic léinn iarchéime agus iardhochtúireachta. Ina theannta sin, d'eascair €723,458 eile de na fáltais ón díolachán ar shócmhainní ag FÁS/SOLAS.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Is leis an Roinn agus lena cuid comhlachtaí gaolmhara Stáit a bhaineann an fhaisnéis seo a leanas ó thaobh líon agus pá na bhfostaithe.

	2013	2012
<b>Líon foirne ag deireadh na bliana</b> (coibhéisí lánaimseartha)	94,314	93,492

Ní áirítear leis an líon foirne a thuiriscítear ach na poist chroíláir a mhaoinítear ar an tríú leibhéal, mar ní áirítear ach na poist seo le comhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

### 5.(a) Líon foirne agus páchostais ghaolmhara ar íocadh amach cistí ó Vóta 26 ina leith

Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair	An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí	Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann	Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2013	Páthoradh ag 31 Nollaig 2013 €000
<b>Múinteoirí an chéad leibhéal agus an dara leibhéal</b>	A.3	Tuarastail na mbunmhúinteoirí	32,930	2,075,701
	A.4	Tuarastail na meánmhúinteoirí agus na múinteoirí pobalscoileanna & scoileanna cuimsitheacha	16,916	1,122,476
	A.5	Tuarastail mhúinteoirí na gCoistí Gairmoideachais	10,847	575,466
<b>Fo-iomlán múinteoireachta</b>			<b>60,693</b>	<b>3,773,643</b>
<b>Cúntóirí Riachtanas Speisialta an chéad leibhéal agus an dara leibhéal</b>	A.6.1	Bunoideachas	8,482	295,703
	A.6 (2-3)	An Dara leibhéal	2,103	66,244
<b>Foireann neamh-mhúinteoireachta an chéad leibhéal agus an dara leibhéal</b>	A.7.1	Bunoideachas	318	11,980
	A.7(2-4)	An Dara leibhéal	2,514	90,045
<b>Fo-iomlán neamh-mhúinteoireachta</b>			<b>13,417</b>	<b>463,972</b>
<b>An tríú leibhéal</b>	C.3	An tÚdarás um Ard-Oideachas – costais ghinearálta	52	3,216

Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair	An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí	Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann	Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2013	Páthoradh ag 31 Nollaig 2013 €000
	C.4	Ollscoileanna/ Institiúidí Teicneolaíochta/ Acadamh Ríoga na hÉireann	17,184	724,033
	C.5	Coláistí oiliúna múinteoirí - pá	27	2,269
	C.6	Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath - pá	125	9,836
	C.7	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	56	3,910
	C.14	Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	6	775
<b>An tríú leibhéal fo-iomlán</b>			<b>17,450</b>	<b>744,039</b>
<b>Foireann na Roinne</b>	X.1	Tuarastail, pá agus liúntais	988	57,043
	X.8	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	194	15,461
	X.9	Uachtaránacht an AE	—	138
<b>Fo-iomlán na Roinne</b>			<b>1,182</b>	<b>72,642</b>

Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair	An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí	Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann	Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2013	Páthoradh ag 31 Nollaig 2013 €000
<b>Eile</b>	A.11.4	Coimisiún na Scrúduithe Stáit – pá	150	9,949
	B.3.1	FÁS – riarachán agus costais ghinearálta	1,058	49,903
	A11.1	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	32	1,944
	A11.5	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	95	6,304
	A13.1	An Bord um Shásamh	21	1,175
	C.8	Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann	57	2,988
	A13.2	An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí	2	366
	B.6	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	79	2,416
	A.10.1.3	Modhscoileanna	8	152
<b>Eile - fo-iomlán</b>			<b>1,502</b>	<b>75,197</b>
<b>Iomlán</b>			<b>94,244</b>	<b>5,129,493</b>

Sonraíonn an tábla seo thuas costais phá maidir leis an bhfoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta a bhfeidhmíonn an Roinn mar phámháistir dóibh. Ina theannta sin, sonraíonn an tábla costais phá maidir leis na comhlachtaí/forais a mhaoinítear ó Vóta 26. Mar aon leis na sonraí a thugtar thuas, níl aon fo-mhírcheann sainithe pá ag 70 ball foirne coibhéise lánaimseartha a nótáiltear sa Chreat Rialaithe Fostaíochta.

I dtaca le fo-mhírcheann B.6 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann), C.8 (Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann), C.3 (Costais an Údaráis um Ard-Oideachas) agus C.7 (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath) áirítear costais phinsin freisin le cuid bheag den phá.

I dtaca le fo-mhírcheann X.9 (Uachtaránacht an AE) baineann suim €138,206 go mór mór le costais phárolla a ghabhann le hintéirigh a fhrúiliú i gcomhair na hoibre ar Uachtaránacht an AE.

**5.(b) Pá as an Stáitchiste**

	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Pá	51,738	53,024
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	256	314
Liúntais Eile	49	80
Ragobair	479	630
ÁSPC an Fhostóra	4,521	4,559
<b>Pá iomlán</b>	<b>57,043</b>	<b>58,607</b>

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach le foireann roinne a íoctar tríd an bhfotheideal riaracháin X.1. Tuarastail, pá agus liúntais.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2013	2012
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	74	5	20,614	20,614
Liúntais eile	57	—	6,108	5,914
Ragobair	245	6	17,868	23,023

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i ní ba mhó ná catagóir amháin.

Is leis an bhfoireann a íoctar as fo-mhírchinn an bhuiséid riaracháin X.1. agus X.9. amháin a bhaineann na sonraí de liúntais agus d'íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo.

**5.2 Státseirbhísigh Athfhruilithe**

Rinneadh 26 státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhuiliú i rith na bliana 2013 ar chostas iomlán €97,996, lenar áiríodh costais taistil agus cothaithe €13,865.

**5.3 Íocaíochtaí Téarfa/Iomarcaíochta**

Íocadh suimeanna iomarcaíochta le 634 bhall foirne neamh-mhúinteoireachta i rith na bliana 2013 arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €4,991,718, lenar áiríodh íocaíocht as suimeanna incháinthe iomarcaíochta, idir chinn reachtúla agus neamhreachtúla. Ba os cionn €10,000 a chuaigh 185 íocaíocht iomarcaíochta. Ba é an luach ab airde a íocadh sa bhliain 2013 ná €39,267. Íocadh an t-airgead iomarcaíochta leis an bhfoireann seo trí phárollaí na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir, i gcomhair scoileanna áirithe.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Chuimsigh siad seo €133,000 a íocadh le heagraíochtaí áirithe cultúrtha (2012: €146,000). Tá liosta iomlán díobh siúd atá ag fáil maoinithe le feiceáil ar láithreán gréasáin na Roinne ([www.education.ie](http://www.education.ie)).

### 6.2 Maoiniú ón AE

Ní bhfuair an Roinn fáiltas ó Chiste Sóisialta na hEorpa i bhfo-mhírcheann E.2 (H.13 tráth) i rith na bliana 2013. An tsuim €1,962,977 a fuarthas sa bhliain 2012 agus a taispeánadh mar leithreasáí-i-gcabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na fo-mhírchinn seo a leanas d'Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna: - A.1, B.5, D.1, D.6, D.9, E.4, E.12, G.2, G.7 agus G.8. I bhfianaise an athraithe chuig cairt na gcuntas um buiséadú feidhmíochta ón mbliain 2013, tá ainmniú na bhfo-mhírcheann seo athraithe anois chuig A.14, A.4, A.5, A.11, B.3, B.4, B.5, C.4 agus C.11.

#### *Maoiniú go díreach ón AE chuig comhlachtaí*

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón AE chuig na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith na bliana 2013.

Fo-mhírcheann	Tuairisc	2013	2012
		Maoiniú €000	Maoiniú €000
A.11.3	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	178	—
B.3	FÁS	586	293
		<u>764</u>	<u>293</u>

### An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

#### *Cúlra*

Is éard atá sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ná clár maoiniúcháin an Aontais Eorpaigh a chuidíonn le ballstáit an AE pacáiste féinoiriúnaithe uasoiliúna, athoiliúna agus tacaí fiontraíochta a chur ar fáil d'oibrithe a ndéantar iomarcaíocht orthu de thoradh dhrochiarmhairtí an domhandaithe agus de thoradh phatrúin na trádála domhanda atá ag athrú. I dtaca le cláir fhaofa na mbeart arna gcur isteach ag Ballstáit, baineann na huasrátaí seo a leanas um chómhaoiniú an AE le hábhar san ord ama:

- Iarratais a cuireadh isteach idir Bealtaine 2009 agus Nollaig 2011 – 65%
- Iarratais a cuireadh isteach idir Eanáir 2012 agus Nollaig 2013 – 50%
- Iarratais le cur isteach idir Eanáir 2014 agus Nollaig 2020 – 60%

Is é an cómhaoiniú náisiúnta a ghlanann iarmhéid chostais na glár.

Is de chineál ilbhliantúil iad cláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Faoi Alt 16(4) de Rialachán (AE) Uimhir 1309/2013, maireann an tréimhse fhorfheidhmithe a bhíonn ag clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú 24 mhí, tréimhse dar tús an dáta a gcuireann an ballstát iarratas isteach. Lena chois sin, féadfar bearta a thosaigh sular cuireadh an t-iarratas isteach ach tar éis do na hiomarcaíochtaí a bheith fógartha i gcoitinne a chur san áireamh. Faoin Rialachán, ní mór do bhallstát tuarascáil deiridh agus ráiteas caiteachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar dháta nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh an chláir; ansin beidh tréimhse chlabhsúir sé mhí eile ag an gCoimisiún chun an clár a scrúdú roimh dó é a fhoirceannadh go foirmiúil, agus ar an gcaoi sin is féidir tréimhse chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a fhadú go 36 mhí ar a laghad.

Is mar gheall ar struchtúr ilbhliantúil an Chiste, éilimh chaiteachais a bheith curtha isteach ag soláthraithe náisiúnta seirbhíse ar bhonn eatramhach, ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil agus gan an chionroinnt ar chaiteachas iomlán an AE agus ar an gcaiteachas náisiúnta iomlán a bheith tugtha chun críche go dtí clabhsúr iomlán na gclár, a bhíonn sé deacair caiteachas bliantúil ar chláir a réiteach i gcomhréir leis an tuairisciú forordaithe ar na cuntais náisiúnta. Beidh na sonraí iomlána de chaiteachas na gclár ar fáil, áfach, nuair a bheidh gach clár ar leith foirceanta.

Ó is rud é gurb í an Roinn Údarás Náisiúnta Bainistíochta an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) sheol sí tuarascálacha deiridh faoi chláir 2009 i leith Dell, Waterford Crystal agus SR Technics isteach i Mí na Nollag 2011, i bhFeabhra 2012 agus in Aibreán 2012 faoi seach. D'aisíoc an Roinn 100% de chaiteachas AE nár caitheadh maidir le Cláir SR Technics agus Dell a ndearna an Coimisiún Eorpach iad a fhoirceannadh go foirmiúil. Déanfar clár Waterford Crystal a fhoirceannadh go foirmiúil nuair a gheofar iarratas ón gCoimisiún Eorpach maidir le haisíoc an 10% deiridh d'airgead neamhchaite AE. Táthar ag súil leis an iarratas sin a fháil roimh 3ú ráithe na bliana 2014 nó lena linn.

Cuireadh tuarascálacha deiridh faoi bhráid Choimisiún na hEorpa mar ba chúil ar an 7ú lá de Nollaig 2012 maidir le cláir CECD na bhfo-earnálacha tógála 2010, NACE 41 ('Tógáil foirgneamh'), NACE 43 ('gníomhaíochtaí tógála speisialaithe') agus NACE 71 ('Seirbhísí Ailtireachta') a chuimsigh níos mó ná 8,000 oibrí iomarcach. D'aisíoc an Roinn 100% de ranníocaíocht comh-mhaoinithe an AE do na cláir sin a bhí fágtha gan caitheamh agus a ndearna an Coimisiún Eorpach iad a fhoirceannadh go foirmiúil.

Tugann an tábla seo thíos na sonraí cuí de chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú:

Clár	Leithdháileadh cláir (100%)	Tréimhse fhorfheidhmithe náisiúnta agus an AE	Fáltais ón AE (65%)
DELL	22,817,000	Feab 2009 – Meith 2011	14,831,040
Waterford Crystal	3,955,159	Már 2009 – Lún 2011	2,570,843
SR Technics	11,455,174	Már 2009 – DF 2011	7,445,863
NACE 41	19,522,829	Lúil 2009 – Meith 2012	12,689,838
NACE 43	33,329,459	Lúil 2009 – Meith 2012	21,664,148
NACE 71	2,135,107	Lúil 2009 – Meith 2012	1,387,819
Talk Talk	5,392,765	DF 2011 – Feab 2014 (50%)	2,696,382
	<u>€98,607,493</u>		<u>€63,285,933</u>

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo do chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ó:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, Fo-mhírchinn C.4 – tacaí oideachais an tríú leibhéal, C.11 – deontais chothabhála do mhic léinn, B.3 – tacaí agus liúntais oiliúna, B.4.1 - tacaí fiontraíochta agus B.5 - tacaí agus liúntais oideachais an dara leibhéal.
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (treorú, tacaí, liúntais oideachais agus oiliúna agus cúnamh teicniúil).
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (Vóta 38) (Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta).

*Gníomhartha an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú sa bhliain 2013*

Níorbh ann do ghníomhartha an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú sa bhliain 2013 ach clár oscailte amháin chun tacú le hoibríthe Talk Talk a ndearnadh iomarcaíocht orthu. Ba iad na suimeanna iomlána a iocadh ón leithdháileadh cláir 100% €5.39 milliún (féach thuas) le soláthraithe seirbhíse agus le comhlachtaí idirmheánacha faoi chlár Talk Talk an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú sa bhliain 2013 ná iad seo a leanas:

Comhlacht	Iomlán €
An tÚdarás um Ard-Oideachas	49,167
Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe	4,200
Coiste Gairmoideachais Chathair Phort Láirge	74,415
Fiontraíocht Éireann	287,763
Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath	1,072
Sainchomhairleoirí WRC	228,850
	<u>645,467</u>

Ní dhearnadh aon iarratas faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus mar sin ní bhfuarthas aon airgead faoin gCiste sin ón gCoimisiún Eorpach, ná níor ghá aon tuarascáil deiridh faoin gCiste sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, sa bhliain 2013.

Leanadh de bhearta treoraithe, oiliúna, oideachais agus fiontraíochta faoi chlár Talk Talk an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a sholáthar do dhaoine intofa sa bhliain 2013 agus go dtí deireadh thréimhse fhorfheidhmithe an chláir ar 28 Feabhra 2014.

Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach agus Parlaimint na hEorpa

Rialachán nua an AE i Nollaig 2013 chun rialáil a dhéanamh ar bhabhta maoiniúcháin an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú 2014 - 2020.

**Poist á maoiniú ag an AE sa Tionscadal um Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas tráth)**

Tá 3 phost sa Tionscadal um Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, poist atá á bpáirtmhaoiniú ag an AE. Is é an miondealú ná 61.62% á mhaoiniú ag an AE agus 38.38% á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad na poist ná: Oifigeach Tionscadail, Oifigeach Oideachais, agus Cúntóir Tionscadail i dtaca le tionscadal Webwise. Is í an fhoinsé mhaoiniúcháin ná Clár an AE le haghaidh Idirlín Níos Sábháilte.

Tá an maoiniú i gcomhair an tionscadail seo i bhfeidhm go dtí Meitheamh 2014. Tá idirbheartaíocht ar siúl ó thaobh an mhaoinithe leantaigh de ach níl sé sin comhaontaithe go fóill.

**Dearbhú Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann**

Fuair Dearbhú Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann maoiniú ón AE i dtaca i dtaca leis an EUROPASS agus i dtaca le gníomhartha an Chreata Eorpaigh um Chailíochtaí sa bhliain 2013, chomh maith leis an rúnaíocht i gcomhair an EQARF (An Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cailíochta i nGairmoideachas agus i nGairmoiliúint) a chur ar fáil. B'ionann an maoiniú seo agus €755,144 i rith na bliana 2013.

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2013 €000	Caiteachas i 2013 €000	Caiteachas i 2012 €000
Coimisiún chun Drochúsáid Leanai a Fiosrú	1999	71,478	2,815	1,296
Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe <sup>1</sup>	2002	1,143,516	50,079	38,022
Coiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe <sup>2</sup>	2003	7,751	537	581
<b>iomlán<sup>3</sup></b>		<b>1,214,994</b>	<b>52,894</b>	<b>39,318</b>

<sup>1</sup> Mar aon leis an gcaiteachas seo ón Stáitchiste, caitheadh ranníocaíochtaí ó na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) faoi chomhaontú slánaíochta €42,259,000 na bliana 2002 ar an scéim, agus mar sin ba é an caiteachas iomlán ar an Scéim um Shásamh agus ar an dlíthíocht i dtuairim na scéime sin faoi chomhaontú slánaíochta na bliana 2002 ná €1,185,775,000. Tá iarmhéid €3,292,000 fágtha as an tsuíomh seo ag deireadh na bliana sa chuntas fionraí um shásamh, agus caitheadh €10,041,000 de bhun chomhaontú slánaíochta na bliana 2002 agus caitheadh €1.172 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

<sup>2</sup> Áirítear caiteachas a bhaineann leis an gCoiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe leis na costais a liostaítear maidir leis an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

<sup>3</sup> Ní chuireann na figiúirí carnacha caiteachais i dtaca le

Coimisiún/Fiosrúcháin san áireamh an caiteachas a rangáítear faoi mhírcheann an Choiste Athbheithnithe i leith Foras Cónaithe mar cuimsíodh an caiteachas seo faoi mhírcheann carnach na Scéime um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

#### 6.4 Dliteanas Teagmhasach

##### Sásamh

Beidh íocaíochtaí breise le déanamh a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh na bliana 2013 ná €71.5 milliún. Ag deireadh na bliana 2013, meastar go bhféadfaidh soláthar de thart ar €15 milliún a bheith ag teastáil chun íoc as costais eile an Choimisiúin. Is soláthar trialach é seo, ós rud é nach bhfuil roinnt billí móra maidir le costais ionadaíochta dlíthiúla tríú páirtí idirbheartaithe fós ag an gCoimisiún.

Ba é an caiteachas a bhain leis an Scéim um Shásamh go deireadh na bliana 2013 ná €1.172 billiún. Ag an bpointe sin bhí 468 d'iarraitais eile le próiseáil ag an mBord um Shásamh agus 17 d'aighneachtaí déanacha le breithniú aige. Meastar go bhféadfaidh costais bhreise d'isteach agus amach le €45 milliún éirí. Bunaítear an meastachán ar an meándámhachtain agus cuirtear an t-eolas is déanaí ar iarraitais dhéanacha san áireamh freisin. Is meastachán trialach é seo, áfach, ós rud é go leanann an Bord d'iarraitais a phróiseáil agus ós rud é go bhféadfaidh éagsúlacht leis an meánmhéid a bheith ar leibhéal na dámhachtana sna cásanna seo atá fós le breithniú.

#### 6.5 Costais dlí agus cúiteamh

Rangáítear na costais dlí<sup>1</sup> a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas:

	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Táillí dlí	2,873	435
Dámhachtainí	224	1,349
	<u>3,097</u>	<u>1,784</u>

<sup>1</sup> Sonraíonn an tábla seo thuas costais dlí agus táillí dlí a bhíonn á n-íoc go díreach ag an Roinn agus ní scáil é ar chostais dlí comhlachtaí eile a dtacaíonn fo-mhírchinn vótáilte leo.

**6.6 Calaoisí/Mírialtachtaí Amhrasta**

	<b>2013</b>	<b>2012</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Calaois	31	—
Mírialtacht amhrasta	—	159

Cuireadh ar a súile don Roinn i dtaobh na bliana 2013 gurbh ann do 5 chás nua calaoise/mírialtachtaí, atá fós á scrúdú i Márta 2014. Eascraíonn na cásanna á scrúdú go háirithe i dtaca le deontais a eisiúint nó maidir le maoiniú ón Státhchiste a chaitheamh go míchuí.

Ós rud é gur cásanna leanúnacha iad na cásanna seo, leanfaidh an Roinn de gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun airgead an Státhchiste a aisghabháil san áit ar tharla calaois. I ndálaí a mbíonn bonn cirt leis an aisghabháil, tarlóidh sí seo trí aisíocaíocht dhíreach nó trí shuimeanna comhaontaithe a choinneáil siar ó dheontais choimhdeacha.

**6.7 Sásamh i leith Foras Cónaithe*****Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta***

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí cuntas speisialta arna mhaoiniú as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an chuntais speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an chomhaontaithe slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad sceideal den chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gcuntas speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an gcuntas ar leith.

***Cuntas Speisialta um shásamh fad a bheadh bunú an Chiste Reachtúil ar Feitheamh***

In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige feidhm a bhaint as €110 milliún de na ranníocaíochtaí a thairg na cuallachtaí reiligiúnacha chun ciste reachtúil a bhunú agus a oibriú d'fhonn tacú le riachtanais mharthanóirí na drochúsáide leanaí sna forais chónaithe. Fad a bheadh bunú an chiste reachtúil ar feitheamh, osclaíodh cuntas ústhorthach speisialta, faoi chomhsmacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, sa Bhanc Ceannais chun na ranníocaíochtaí airgid a ghlacadh ó na cuallachtaí reiligiúnacha. Fuarthas ranníocaíochtaí €18.95 milliún ó na cuallachtaí reiligiúnacha i rith na bliana 2012 in éineacht le hús €1.04 milliún a thuill ceann de na cuallachtaí reiligiúnacha ar an ranníocaíocht sular taisceadh í. Ba é iarmhéid deiridh an chuntais ar 31 Nollaig 2012 ná €41,314,845.

Tar éis thosach feidhme an Achta um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe 2012 agus tar éis do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe a bhunú, aistríodh iarmhéid €41,314,845 chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i Márta 2013, de réir ailt 29(1) d'Acht 2012. Fuarthas suim bhreise úis fhabhráithe arbh éard a bhí inti go hiomlán ná €12,376 in Aibreán 2013 agus ba é an t-iomlán a aistríodh chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ná €41,327,221. Dúnadh an cuntas speisialta ina dhiaidh sin i 2013. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe.

#### **6.8 Caiteachas ar Chóiríocht Shealadach Scoile**

Chuimsigh an caiteachas i rith na bliana 2013 faoi fho-mhírcheann D.3.3 suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €26 milliún go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha (2012: €24.7 milliún).

#### **6.9 Tabhairt Anonn Buiséid**

Tugadh ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun go dtabharfaí anonn coigilteas €200,000 ón mbliain 2012 mar bhuiséad riaracháin na Roinne isteach sa bhliain 2013.

## 7. Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Cuntais Neamhvótáilte

			2013	2012
	Urrús	Airgead Tirim	Iomlán	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir	548	—	548	548
Urrús a fuasclaíodh	(547)	600	53	—
Aistriú na nurrús chuig na Coimisinéirí <sup>(1)</sup>	(1)	—	(1)	—
Aistriú an airgid fhuascaílte chuig cuntas fáltais agus íocaíochtaí	—	(600)	(600)	—
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	—	—	—	548

### Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig

	Iomlán 2013	Iomlán 2012
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir	20	149
Fáltais ó dhíbhinní	24	25
Fáltais ón gcuntas caipitil	600	—
Aistriú chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla <sup>1</sup>	(625)	(135)
Íocaíochtaí	(19)	(19)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	—	20

<sup>1</sup> I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla, chríochnaigh an Roinn aistriú na gcistí dearlaice agus na sealbhán stoic fhuílligh chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta ó 2010 go 2013. Comhlíonfaidh na Coimisinéirí riarachán laethúil uile na sealbhán le héifeacht ón mbliain 2014.

**7.2 Scoileanna Dearlaice**

Cuntas ar fháltais agus ar íocaíochtaí na scoileanna dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire) 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2013, i leith caipitil agus ioncain.

			2013	2012
	Urrúis	Airgead Tirim	lomlán	lomlán
	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	416	—	416	416
Urrúis a fuasclaíodh	(414)	297	(117)	—
Urrúis a aistríodh chuig na Coimisinéirí <sup>1</sup>	(2)	—	(2)	—
Aistriú cistí	—	(297)	(297)	—
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	—	—	—	416

**Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig**

	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir	—	9
Fáltais	308	11
Aistriú chuig Oifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla <sup>1</sup>	(308)	(1)
Íocaíochtaí	—	(19)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	—	—

<sup>1</sup> I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla, chríochnaigh an Roinn aistriú na gcistí dearlaice agus na sealbhán stoic fhuílligh chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta ó 2010 go 2013. Comhlíonfaidh na Coimisinéirí riarachán laethúil uile na sealbhán le héifeacht ón mbliain 2014.

**7.3 Ciste Deontas i gCabhair 2013**

	2013	2012
	€000	€000
Fo-mhírcheann C.15.2 (Fo-mhírcheann B.14 sa bhliain 2012) - ciste le haghaidh chostais ghinearálta na neagraíochtaí cultúir, eolaíochta agus oideachais (Arna mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta)	133	146
	133	146